Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026
(OR. en)

10432/26

LIMITE

| | |
|---|---|
| CADREFIN 281 | COEST 471 |
| POLGEN 162 | COLAC 87 |
| RELEX 815 | COTRA 50 |
| ACP 60 | COWEB 86 |
| DEVGEN 100 | MAMA 145 |
| COHOM 87 | MOG 120 |
| COHAFA 51 | PTOM 27 |
| COAFR 178 | ELARG 103 |
| COASI 105 | GLOBAL GATEWAY 41 |

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0227(COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda<br>*- Cur chuige ginearálta páirteach* |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 16 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda[1].

2. Is cuid de phacáiste an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2028 – 2034 an clár sin. Molann an Coimisiún go ndéanfar roinnt ionstraimí maoinithe sheachtraigh atá ann faoi láthair a chomhtháthú leis an Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda a bheidh ann amach anseo agus, ar an gcaoi sin, go gcuirfear in ionad na n-ionstraimí sin é[2].

3. Is é EUR 200 billiún an t-imchlúdach táscach atá beartaithe don Eoraip Dhomhanda, arna chomhlánú le Cúlchiste ar leith don Úcráin suas le EUR 100 billiún. Tá an ionstraim bunaithe ar shé cholún: An Eoraip; an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus an Mhurascaill; an Afraic Fho-Shahárach; An Áise agus an tAigéan Ciúin; críocha Mheiriceá agus an Mhuir Chairib; agus colún domhanda. Déanfar cur chun feidhme go príomha trí chláir gheografacha in-chlársceidealaithe, arna gcomhlánú le gníomhaíochtaí neamh-inchlársceidealaithe don chabhair dhaonnúil, don chúnamh macrairgeadais, don athléimneacht, don iomaíochas agus do riachtanais ghéarchéime, síochána agus beartais eachtraigh. Tá sé d'aidhm ag an togra freisin solúbthacht a mhéadú trí líon na spriocanna caiteachais a laghdú, trí dheireadh a chur leis na himchlúdaigh théamacha cheangailteacha agus tríd an gcúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn a mhéadú, agus ar an gcaoi sin acmhainneacht an Choimisiúin acmhainní a ath-leithdháileadh a mhéadú.

4. An 3 Nollaig 2025, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra reachtach[3].

5. An 5 Feabhra 2026, ghlac Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim maidir leis an togra reachtach[4].

---

1 11758/25 + ADD 1–4.
2 Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, IPA III, Saoráid na Moldóive, Saoráid na hÚcráine, Saoráid na mBalcán Thiar agus Cistiú le haghaidh Cabhair Dhaonnúil.
3 16674/25.
4 6359/26.



PUBLIC

## II. DUL CHUN CINN A RINNEADH SA CHOMHAIRLE

6. Chuir foghrúpa na hIonstraime don Eoraip Dhomhanda den Mheitheal *ad hoc* um an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (AHWP CAI - an Eoraip Dhomhanda) tús lena chuid oibre i mí Mheán Fómhair 2025 agus scrúdaigh sé an togra ón gCoimisiún ag 28 gcruinniú. D'eisigh Uachtaránacht na Danmhairge togra comhréitigh comhdhlúite tosaigh ón Uachtaránacht i mí na Nollag 2025.

7. D'ullmhaigh Uachtaránacht na Cipire, ar bhonn plé airteagal ar airteagal agus plé téamach ina dhiaidh sin in AHWP CAI - an Eoraip Dhomhanda, tuilleadh téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht agus, an 20 Bealtaine 2026, d'iarr sí treoir pholaitiúil ó Coreper maidir le trí shaincheist atá fós gan réiteach, go háirithe an cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, an imirce agus an t-easáitiú éigeantach, agus na rialacha cur chun feidhme do cholún na hEorpa. An 3 agus an 10 Meitheamh 2026, bhí plé ag Coreper maidir le dhá thogra comhréitigh athbhreithnithe eile ón Uachtaránacht[5], d'fhonn an comhad a ullmhú chun go nglacfaidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta cur chuige ginearálta páirteach ina dhiaidh sin an 16 Meitheamh. Ag an bplé deireanach a bhí ag Coreper maidir leis an dréachtrialachán, chuir na toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad i gcoitinne leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht atá in 10149/26, ach ós rud é gur mhol cuid acu roinnt mionathruithe fós, chinn an Uachtaránacht líon teoranta leasuithe spriocdhírithe a thabhairt isteach sa leagan atá le cur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta mar bhonn do chur chuige ginearálta páirteach na Comhairle.

8. Ós rud é gur cuid den phacáiste tograí atá nasctha le CAI an Rialachán atá beartaithe, tá na forálacha uile sa téacs lena ngabhann impleachtaí buiséadacha nó a chomhfhreagraíonn do na gnéithe atá mar chuid den chaibidlíocht chothrománach maidir le CAI, lena n-áirítear gnéithe tábhachtacha nua a chuir Uachtaránacht na Cipire isteach, idir lúibíní agus dá bhrí sin tá siad eisiata ón gcur chuige ginearálta páirteach go dtí go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn ar an CAI. Tá na forálacha sin idir lúibíní cearnacha sa téacs. Bhí plé tiomnaithe ag AHWP CAI - an Eoraip Dhomhanda maidir leis na forálacha sin ag an gcruinniú a bhí aige an 30 Aibreán 2026 i láthair Chathaoirleach AHWP CAI agus i gcomhréir leis na modhanna oibre ábhartha, d'fhonn ionchur a thabhairt don mheasúnú in AHWP CAI.

---

[5] 9734/26 agus 10149/26.

## III. AN STAID MAR ATÁ I bPARLAIMINT NA hEORPA

9. Tá an togra á scrúdú i bParlaimint na hEorpa faoi nós imeachta comhpháirteach AFET-DEVE, agus Michael Gahler (EPP, DE) agus Robert Biedroń (S&D, PL) mar rapóirtéirí. Táthar i gcomhairle le BUDG, CONT, FEMM, LIBE agus PECH chun tuairim a fháil. Eisíodh dréacht-tuarascáil na rapóirtéirí an 17 Aibreán 2026 agus cuireadh i láthair í i gcruinniú comhpháirteach AFET-DEVE an 5 Bealtaine, nuair a seoladh céim shubstainteach ghrinnscrúdaithe agus leasaithe na gcoistí go foirmiúil. Tá sé beartaithe faoi láthair go nglacfaidh AFET agus DEVE an tuarascáil chríochnaitheach an 15 Deireadh Fómhair, agus táthar ag súil go vótálfar ar shainordú caibidlíochta Pharlaimint na hEorpa ag an seisiún iomlánach i mí na Samhna 2026.

PUBLIC

## IV. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

10. Is féidir achoimre a dhéanamh ar phríomhghnéithe an téacs chomhréitigh mar seo a leanas:

    (a) Leis an tsamhail **rialachais** atá beartaithe sa téacs comhréitigh, léirítear neartú agus struchtúr soiléir rannpháirtíocht na Comhairle agus na mBallstát ag gach céim den timthriall cur chun feidhme. Ar an leibhéal straitéiseach, tá ról lárnach ag an gComhairle trí bhíthin díospóireachtaí straitéiseacha bliantúla bunaithe ar thuarascálacha straitéise ón gCoimisiún agus tríd an ngnáthchreat tuairiscithe, lena n-áirithítear stiúradh polaitiúil leanúnach. Comhlánaítear é sin le sreafaí córasacha faisnéise ón gCoimisiún, amhail nuashonruithe rialta tráthúla ar chur chun feidhme na hionstraime, lena n-áirítear staid na himeartha maidir leis an gclársceidealú, agus le hoibleagáid ar an gCoimisiún na tuairimí a chuir an Chomhairle in iúl a chur san áireamh.

Treisítear ról na mBallstát trí chomhairliúcháin struchtúrtha agus trí mhalartuithe minice faisnéise leis an gCoimisiún i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear plé comhpháirteach maidir le pleananna gníomhaíochta. Agus béim á leagan ar an gceanglas atá ar an gCoimisiún an Chomhairle a choinneáil ar an eolas agus a tuairimí a chur san áireamh, is é an nós imeachta scrúdúcháin faoin nós imeachta coiste an riail réamhshocraithe i gcónaí chun cláir ilbhliantúla tháscacha, agus pleananna gníomhaíochta agus bearta, a ghlacadh. Neartaítear an nós imeachta sin tríd an gclásal 'gan tuairim' a áireamh agus tríd an deis a bheith ag an gcoiste teacht le chéile i bhformáidí éagsúla, agus comhordú iomchuí á áirithiú ag an am céanna. Ag an am céanna, treisítear rialachas tríd an mBord Infheistíochta um an Eoraip Dhomhanda, ina soláthraíonn na Ballstáit treoir straitéiseach agus oibríochtúil agus ina bhfaigheann siad tuairisciú mionsonraithe ar ráthaíochtaí buiséadacha, chomh maith le hoibríochtaí measctha agus ionstraimí airgeadais.

Áirithítear leis an togra comhréitigh rialú buiséadach láidir, ós rud é go bhfeidhmíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, cumhachtaí cinnteoireachta ar na príomhshásraí solúbthachta, lena n-áirítear an cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus aistrithe idircholúin. Ina theannta sin, maidir le maoirseacht, intuarthacht agus cuntasacht, áirithítear le leibhéal iomchuí oibleagáidí faisnéise agus sásraí comhairliúcháin go gcuirfear an Chomhairle ar an eolas go rialta faoi phríomhchéimeanna an chlársceidealaithe agus an timthrialla cur chun feidhme agus go mbeidh sí in ann tionchar a imirt orthu, lena n-áirítear ullmhú na gclár ilbhliantúil táscach, coigeartuithe clársceidealaithe, bearta a bhaineann leis an imirce, gníomhartha tarmligthe agus pleananna feidhmíochtbhunaithe.
I dteannta a chéile, léiríonn na gnéithe sin neartú substainteach forchéimnitheach ar ról na Comhairle i rialachas na hionstraime, lena gcomhcheanglaítear stiúradh straitéiseach, treoir pholaitiúil agus grinnscrúdú *ex post*.

(b) Leis na leasuithe a bhaineann leis an g**cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn**, treisítear a thuilleadh an smacht atá ag an gComhairle ar shlógadh agus ar úsáid an chúlchiste. Go háirithe, maidir le haistrithe uathrialacha, tugtar isteach leo oibleagáid neartaithe ar an gCoimisiún faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil sula bhfógrófar nó sula slógfar cistí ón gcúlchiste agus barúlacha agus moltaí na Comhairle a chur san áireamh. Thairis sin, bunaítear leis na leasuithe idirphlé níos struchtúrtha agus níos rialta, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún dul i mbun seisiúin tuairimíochta leis an gComhairle dhá uair sa bhliain ar a laghad, go háirithe sula ndéanfar aon slógadh ar an gcúlchiste atá beartaithe agus chun a seasaimh a chur san áireamh. Tá srian curtha le raon feidhme na gcríoch ar féidir an cúlchiste a úsáid ina leith ar bhealach lena n-áiritheofar go bhfreagróidh slógaí ar imthosca gan choinne nó go dtabharfaidh siad aghaidh ar riachtanais nua nó ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn.

(c) Is léiriú iad na leasuithe ar **an imirce** agus ar **an easáitiú éigeantach** ar chur chuige cothrom cuimsitheach, lena gcomhtháthaítear go sainráite gnéithe dearfacha an bhainistithe imirce, lena n-áirítear dreasachtaí agus loighic threisithe 'tuilleann breis tuilleadh'. Ag an am céanna, déantar an sásra fionraíochta atá nasctha le hoibleagáid dlí idirnáisiúnta na dtíortha comhpháirtíochta a náisiúnaigh féin a athligean isteach a chuíchóiriú, a shoiléiriú agus a leasú, agus chun comhsheasmhacht le sprioc COF a áirithiú freisin. Neartaítear a éifeachtacht trí líon laghdaithe díolúintí agus liosta níos leithne tosca a bheidh le cur san áireamh sula ndéanfar aon chinneadh maidir le fionraí. Rud atá tábhachtach, caomhnaítear sa téacs comhréitigh incháilitheacht fhoriomlán COF le haghaidh 90 % den chaiteachas faoin ionstraim. Ina theannta sin, treisítear ról na Comhairle sa sásra fionraíochta trí cheanglas a thabhairt isteach go rachadh an Coimisiún i gcomhairle leis an gComhairle maidir le hoiriúnacht pholaitiúil aon chinnidh faoin sásra.

PUBLIC

(d) Leis na leasuithe a bhaineann leis na **rialacha cur chun feidhme le haghaidh cholún na hEorpa**, léirítear an seasamh láidir atá ag a lán toscaireachtaí chun an tsamhail rialachais a threisiú trí ról na Comhairle a neartú ar fud an phróisis chun pleananna feidhmíochtbhunaithe na gcomhpháirtithe faoin gcolún sin a ullmhú agus a fhormheas. Áirítear leis sin gníomhartha cur chun feidhme ón gComhairle a ghlacadh maidir leis na coinníollacha creata is infheidhme maidir le pleananna feidhmíochtbhunaithe agus, i gcás chomhpháirtithe an mhéadaithe, an measúnú dearfach ar na pleananna sin a fhormheas, agus gníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin á gcoinneáil ar bun i gcás chomhpháirtithe Chomharsanacht an Oirthir. Maidir leis an Úcráin, léiríonn na módúlachtaí rialachais atá beartaithe staid eisceachtúil na tíre agus an méid tacaíochta, lena n-éilítear cur chuige difreáilte chun intuarthacht agus stiúradh láidir na Comhairle a áirithiú, lena n-áirítear trí ghníomhartha cur chun feidhme ón gComhairle chun comhlíonadh coinníollacha íocaíochta a bhunú. Ina theannta sin, tugtar isteach clásal athbhreithnithe sonrach don Úcráin, lena soiléirítear gur féidir leis an gCoimisiún leasuithe ar na socruithe rialachais a mholadh, i gcás inar gá sin de bharr éabhlóid na staide sa tír.

(e) Leis na leasuithe maidir le h**incháilitheacht agus tosaíocht Eorpach**, caomhnaítear prionsabal na hiomaíochta oscailte agus córa agus tugtar aird chuí ar na srianta atá ar chomhpháirtithe cur chun feidhme, ar na dálaí margaidh atá i réim agus ar chuspóirí uileghabhálacha éifeachtacht na forbartha. Ag an am céanna, tugtar isteach leo forálacha níos láidre agus níos spriocdhírithe chun tosaíocht Eorpach agus rannpháirtíocht cuideachtaí Eorpacha a chur chun cinn, d’fhonn uathriail straitéiseach agus iomaíochas an Aontais a fheabhsú. Déantar na forálacha sin a chalabrú go cúramach ionas nach mbainfear an bonn den chomhar le comhpháirtithe eile. Chuige sin, tugtar isteach leis na leasuithe tuairisc níos soiléire ar leasanna straitéiseacha an Aontais, sainaithnítear príomhearnálacha straitéiseacha, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht tacaíocht mhéadaithe a thabhairt do rannpháirtíocht eintitis na hearnála príobháidí ó na Ballstáit, agus déantar foráil maidir le breithniú a dhéanamh, agus comhpháirtithe cur chun feidhme á roghnú, ar a gcumas agus ar a n-ullmhacht srianta incháilitheachta a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, cuirfear na Ballstáit ar an eolas go rialta, tríd an gCoiste um an Eoraip Dhomhanda, faoi chinntí chun incháilitheacht a shrianadh nó a leathnú.

PUBLIC

(f) Áirithítear leis an téacs comhréitigh go bhfuil **tíortha agus críocha thar lear** incháilithe chun tairbhe a bhaint as gníomhaíochtaí in-chlársceidealaithe réigiúnacha agus trasréigiúnacha arna maoiniú faoi imchlúdaigh na limistéar geografach lena mbaineann siad.

(g) Áirítear ar **leasuithe eile ón Uachtaránacht** clásal éagtha lena ndéantar saolré na hionstraime a ailíniú le tréimhse an chéad CAI eile, cuspóirí na hionstraime a threisiú, lena n-áirítear trí infheictheacht níos airde maidir le díothú na bochtaineachta, tíortha is iarrthóirí agus tíortha comharsanachta, tarmligean na gcumhachtaí chuig an gCoimisiún a scriosadh chun sprioc CFO agus Iarscríbhinn II a leasú, agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le leochaileacht, íogaireacht inscne, iltaobhachas éifeachtach, agus le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil, na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí a neartú a thuilleadh. Tá forálacha feabhsaithe sa téacs comhréitigh maidir leis an gcur chuige 'Foireann na hEorpa'. Rinneadh ról BEI a chomhdhlúthú go substaintiúil, lena n-áirítear trí imchlúdaigh eisiacha BEI le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha.

## V. <u>CONCLÚID</u>

11. Iarrtar ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta cur chuige ginearálta páirteach a ghlacadh, ag an gcruinniú a bheidh aici an 16 Meitheamh 2026, maidir leis an téacs a leagtar amach in 10442/26.

---



PUBLIC